**Rannán Airgeadas na Scoileanna**
**An Roinn Oideachais agus Scileanna**
**Corr na Madadh**
**Baile Átha Luain**
**Co. na hIarmhí**
**N37 X659**

**Schools Division Financial**
**Department of Education and Skills**
**Cornamaddy**
**Athlone**
**Co. Westmeath**
**N37 X659**

**Ciorclán: 0017/2016**

**Chuig na hÚdaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Iarbhunscoileanna agus Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta**

**Foirm Dhearbhaithe Slánaíochta**

Ordaíonn an tAire Oideachais agus Scileanna dom aire na nÚdarás Bainistíochta Bunscoileanna, Iarbhunscoileanna agus Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta a tharraingt ar na riachtanais i ndáil le Foirm Árachais/Dhearbhaithe Slánaíochta a chomhlánú.

Sula n-úsáideann duine a m(h)ótarfheithicil féin chun críche gnó oifigiúil scoile, ní mór Dearbhú scríofa a chur chuig an Údarás Bainistíochta ina luaitear go bhfuil sé faoi árachas mar is cuí chun críche an Achta um Thrácht ar Bhóithre 1961.

Ní ghlacfaidh an tÚdarás Bainistíochta, an Roinn Oideachais agus Scileanna, ná an Stát le haon dliteanas i leith aon chaillteanas nó damáiste a thig ó úsáid na mótarfheithicle sin chun críche gnó oifigiúil scoile, lena n-áirítear forbairt ghairmiúil.

Tá cóip den Fhoirm Dhearbhaithe Slánaíochta leagtha amach i bhFoscríbhinn 1

- Ba chóir don Údarás Bainistíochta Foirmeacha Dearbhaithe comhlánaithe a choimhéad.

- Níor chóir éilimh maidir le costais mhíleáiste a íoc go dtí go bhfaighidh an tÚdarás an Dearbhú seo.

- Ba chóir go leanfaí de bhreithiúnas cruinn agus monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas ar thaisteal agus ar chothabháil. Is é dualgas na nÚdarás Bainistíochta a chinntiú nach ndéanfar ach taisteal riachtanach agus go ndéanfar gach iarracht caiteachas a choinneáil ag an méid is lú.

Má tá aon fhiosruithe ann maidir le cur i bhfeidhm an chiorcláin seo ba chóir iad a chuir faoi bhráid Rannáin na Scoileanna – An Rannóg Airgeadais i mBaile Átha Luain (seoladh ríomhphoist ccfinancial@education.gov.ie).

Is féidir rochtain a fháil ar an gciorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.education.ie Ciorcláin agus Foirmeacha, Ciorcláin Ghníomhacha

Hubert Loftus
Rannán Airgeadas na Scoileanna
Feabhra 2016

**Foscríbhinn 1**

## Foirm Dhearbhaithe Slánaíochta maidir le húsáid mótarfheithicle pearsanta chun críche gnó oifigiúil scoile, údaraithe ag an mBord Bhainistíochta

**Le comhlánú ag Foirne Teagaisc, Foirne Neamh-Theagaisc, Baill Bhoird Bhainistíochta agus daoine eile atá ag déanamh gnó oifigiúil scoile ar son an Bhoird Bainistíochta.**

Admhaím go bhfuil an t-údarás a thug an Bord Bainistíochta scoil _________________________dom, mo mhótarfheithicil féin a úsáid (**mionsonraí na feithicle ainmnithe**___________________) chun críche gnó oifigiúil scoile, faoi réir aon rialacháin nó coinníollacha atá i bhfeidhm ó am go ham, go háirithe, faoi réir an choinníll go bhfuil sí faoi árachas agam, agus go leanfaidh sí faoi árachas, chun críche an Achta um Thrácht ar Bhóithre 1961.

Tá mé tar éis mo ghnáth-árachóir a chur ar an eolas faoin úsáid ghnó seo agus léirítear sin ar mo pholasaí árachais mótarfheithicle.

Faoi láthair tá sé faoi árachas ag ____________________________________ agus geallaim go gcuirfidh mé Príomhoide/ Bord Bainistíochta mo scoile ar an eolas faoi aon athrú.

Tuigim nach nglacfaidh Údarás Bainistíochta Scoil ______________, an Roinn Oideachais agus Scileanna, ná an Stát le haon dliteanas i leith aon chaillteanas nó damáiste a thig ó úsáid na mótarfheithicle sin chun críche gnó oifigiúil scoile, lena n-áirítear forbairt ghairmiúil.

Deibhním freisin nach bhfuil aon toirmeasc tiomána orm de thoradh aon sriantachta dlíthiúla arna bhforchur ag an gcóras breithiúnach.

**Síniú:** ______________________________________

**Post:** ______________________________________

**Dáta:** ______________________________________

***Ba chóir an fhoirm chomhlánaithe seo a chur ar ais chuig an mBord Bainistíochta.**